# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**
Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*
**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Gairm chléiriúil Meiler Magrath***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén ceannaire tábhachtach Éireannach a raibh gaol ag Meiler Magrath leis, dar le doiciméad A?

   (b) Cad iad na litreacha a coigistíodh, de réir dhoiciméad A?

   (c) Cén t-easpag Sasanach a mheas go raibh Meiler Magrath oiriúnach do cheapachán eaglasta in Éirinn, dar le doiciméad B?

   (d) Cad iad na treoracha a thug an Bhanríon Eilís I do Sidney maidir le Meiler Magrath, dar le doiciméad B?

(20)

2. (a) An bhfuil doiciméid A agus B ar aon fhocal faoi charachtar Meiler Magrath? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) An bhfuil doiciméid A agus B ar aon fhocal faoi oiriúnacht Meiler Magrath do cheapachán eaglasta? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

3. (a) Cén fhianaise atá i ndoiciméad A gur mheas an scríbhneoir gur réitigh Meiler Magrath agus údaráis na heaglaise sa Róimh go maith le chéile?

   (b) Cén fhianaise atá i ndoiciméad B gur mheas an scríbhneoir gur thug Meiler Magrath tacaíocht don Bhanríon agus dá cuid éileamh? (20)

4. Cén fáth gur dhuine conspóideach é Meiler Magrath le linn réimeas Eilís I? (40)

## - Doiciméad A -

**Seo sliocht coimrithe as litir ó Juan de Polanco, Íosánach tábhachtach a raibh tionchar aige sa Róimh, chuig Richard Creagh, Ardeaspag Ard Mhacha. Scríobhadh an litir ar an 2 Nollaig 1565.**

Tá cóipeanna de na litreacha coigistithe inar dheimhnigh an Pápa do choisreacan agus do cheapachán mar Ardeaspag faighte anois faoi dheireadh. Cuireadh an beart i gcrích mar thoradh ar dhúthracht agus ar sháriarrachtaí Easpag an Dúin agus Chonaire, Meiler Magrath.

Tá gaol fola aige le prionsa oirirc Uladh, Séan Ó Néill, agus ceapadh go raibh ardú céime go dtí an easpagóideacht tuillte aige mar gheall ar a shuáilcí. Chuaigh sé i mbun na litreacha thuasluaite a fháil le fuinneamh agus le díograis an-mhór. Ní fhéadfadh fiú ár bprócadóir féin, ainneoin a dhíchill, an méid a bhaint amach agus a bhain an tEaspag, Meiler Magrath, amach trína dhúthracht agus a chúram.

Impím ar do Thiarna Ró-Oirmhinneach buíochas a ghlacadh leis as ucht a chuid iarrachtaí agus cuidiú leis ina chuid dea-oibreacha ina dheoise, mar go gcreidim go láidir go mbeidh sé an-tairbheach do do Thiarna chun leas eaglais Ard Mhacha agus a tréad a chur chun cinn.

## - Doiciméad B -

**Seo sliocht coimrithe as litir ón mBanríon Eilís I chuig Sir Henry Sidney faoi theacht Meiler Magrath go hÉirinn. Scríobhadh an litir ar an 5 Márta 1570.**

Meiler Magrath is ainm don Éireannach eile. Chiontaigh sé i gcoinne ár ndlíthe trí dhul i muinín na Róimhe agus glacadh le hEaspagóideacht agus le ceapacháin eile gan bhunús ón bPápa, rud atá i gcoinne dhlí Dé agus ár ríochta.

Ach tá glactha aige le teagasc. Tá mórán dearbhuithe agus faoistiní déanta aige agus tá Easpag Londan agus daoine eile den tuairim gur duine oiriúnach atá ann le filleadh ar an ríocht sin chun é a cheapadh chuig ministreacht éigin, mura bhfaightear aon rud mícheart ina choinne.

Mar sin, táimid ag iarraidh ortsa roinnt Easpag nó daoine léannta eile a cheapadh le dul i gcomhairle leis nuair a thagann sé go hÉirinn. Gheofar amach go bhfuil sé ceart agus fóinteach don eaglais ansin. Bíodh níos mó fabhair le fáil aige as ucht a oiriúnaithe. B’fhéidir go leanfadh daoine eile den sórt céanna, atá imithe ar strae, a shampla agus go dtréigfidís a gcuid earráidí.

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén dlí nua a rinne Sir Edward Poynings i 1494 agus cén fáth a raibh sé tábhachtach? (100)
2. Cé chomh mór agus a tharla athrú creidimh in Éirinn le linn réimis Anraí VIII agus Éadbhard VI? (100)
3. Cad iad na príomhghnéithe a bhain leis an saol sna bailte móra agus le trádáil in Éirinn, 1494-1558? (100)
4. Cén ról a bhí ag scoileanna na mBard i saol cultúrtha na hÉireann, 1494-1558? (100)

*Éire: Topaic 3*

### Ríocht nó coilíneacht – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a chuir na rialacha a bhain le Plandáil Uladh cosc ar dhea-chaidreamh idir na lonnaitheoirí agus na dúchasaigh sa chúige sin? (100)
2. Cad iad na cúiseanna a bhí le cogadh 1641 in Éirinn? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag Cromail ar Éirinn? (100)
4. Cén fáth a raibh Piaras Feiritéar agus a leithéidí faoi bhagairt in Éirinn, 1603-1660? (100)

*Éire: Topaic 4*

### Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé hiad siúd a raibh ionadaíocht acu i bParlaimint 1689 agus cad a bhain an Pharlaimint sin amach? (100)
2. Cén ról a bhí ag Pádraig Sáirséil i gCogadh an Dá Rí? (100)
3. Cad iad na haidhmeanna a bhí leis na hAchtanna Eallaigh agus an tAcht Loingseoireachta agus cén tionchar a bhí acu ar chúrsaí trádála na hÉireann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1660-1715, cé chomh mór agus a bhí Éire faoi thionchar ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: na filí Seacaibíteacha; paimfléadaíocht pholaitiúil; teacht chun cinn na heolaíochta? (100)

*Éire: Topaic 5*

**Coilíneacht nó ríocht –**
**teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhghnéithe a bhain le geilleagar na tuaithe in Éirinn, 1715-1770? (100)
2. Le linn na tréimhse 1715-1770, cé chomh mór agus a cuireadh i bhfeidhm na Péindlíthe i gcoinne na gCaitliceach? (100)
3. Cén fáth ar tugadh an tAthair Mac an tSíthigh chun trialach, conas a stiúradh an triail agus cén toradh a bhí uirthi? (100)
4. Cad a chuir muintir Uí Chonghaile agus/nó Arthur Guinness le saol na hÉireann, 1715-1770? ` (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag Cogadh Saoirse Mheiriceá ar Éirinn? (100)
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag na hÉireannaigh Aontaithe agus cé chomh maith agus a d'éirigh leo iad a bhaint amach? (100)
3. Conas a d'fhorbair trádáil agus geilleagar na hÉireann, 1770-1815? (100)
4. Cad a chuir Eibhlín Dhubh Ní Chonaill le cultúr na nGael? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic thíos a roghnaíonn tú.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Niccolo Machiavelli agus/nó Jacob Fugger leis an réimse saothair a roghnaigh siad? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag fionnachtain an Domhain Nua ar shochaí agus ar eacnamaíocht na hEorpa? (100)
3. Conas a chuaigh colscaradh Anraí VIII le Caitríona Aragon i gcion ar chúrsaí polaitíochta agus creidimh i Sasana? (100)
4. Cad iad na bealaí inar sheas Cailvín agus/nó Liútar amach mar leasaitheoirí creidimh? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag briseadh na hArmáide agus/nó ag an réabhlóid san Ísiltír ar an Spáinn? (100)
2. Cén fáth ar tháinig meathlú ar chalafort Antuairp (Antwerp)? (100)
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Comhairle Trento sa Fhrith-Reifirméisean? (100)
4. Conas a chuir Tycho Brahe leis an eolaíocht agus/nó conas a chuir Michel de Montaigne leis an litríocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar bhraith an Chúistiúnacht Galileo mar bhagairt agus conas ar dhéileáil siad leis? (100)
2. Cad iad na hiarmhairtí a bhain leis an gCogadh Tríocha Bliain d'Impireacht Hapsburg? (100)
3. Conas a chuir an Cairdinéal Richelieu le forbairt absalóideachas na Fraince? (100)
4. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíochta san Eoraip, 1609-1660? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a bhí Cúirt Versailles ina comhartha ar mhonarcacht absalóideach sa Fhrainc? (100)
2. Cé chomh mór agus leitheadach is a bhí na leasuithe a thug Peadar Mór isteach sa Rúis? (100)
3. Cad iad na dálaí ar tháinig athghairm agus, ina dhiaidh sin, turnamh mhonarcacht na Stíobhard i Sasana mar thoradh orthu? (100)
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an méid a chuir Isaac Newton agus Gottfried Wilhelm Leibnitz leis na heolaíochtaí? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Réabhlóid Mheiriceá? (100)
2. Le linn na tréimhse 1715-1775, cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i dtrádáil idirnáisiúnta? (100)
3. Cé chomh héifeachtach mar cheannaire agus a bhí Caitríona Mhór na Rúise agus/nó Feardorcha Mór na Prúise? (100)
4. Cad iad na príomhsmaointe sóisialta agus polaitúla a bhain leis an Eagnaíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Réabhlóid na Fraince? (100)
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Coiste na Slándála Poiblí agus cad iad na nithe a bhain siad amach? (100)
3. Conas a tháinig athrú sóisialta agus eacnamaíochta san Eoraip mar thoradh ar an réabhlóid thionsclaíoch agus an réabhlóid talmhaíochta? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag Napoleon ar an Eoraip trí chéile? (100)

Leathanach Bán